# TREORACHA

## TREOIR (AE) 2023/175 ÓN gCOIMISIÚN

**an 26 Eanáir 2023**

**lena leasaítear Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le 2-meitiolocsólán**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastósctha a úsáidtear i dtáirgeadh earraí bia agus comhábhar bia a chomhfhogasú ([1]), agus go háirithe pointí (a) agus (d) d'Airteagal 4, an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag Treoir 2009/32/CE maidir le tuaslagóirí eastósctha a úsáidtear nó a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i dtáirgeadh earraí bia nó comhábhar bia. Níl feidhm ag an Treoir sin maidir le tuaslagóirí eastósctha a úsáidtear i dtáirgeadh breiseán bia, vitimíní agus breiseán cothaitheach eile, mura bhfuil breiseáin bhia, vitimíní ná breiseáin chothaitheacha den sórt sin liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann léi.

(2) An 6 Eanáir 2020, chuir Pennakem Europa iarratas isteach ina n-iarradh údarú ar 2-meitiolocsólán mar thuaslagóir eastósctha. Dar leis an iarratasóir, d'fhéadfaí 2-meitiolocsólán a úsáid de rogha ar heacsán atá ceadaithe faoi láthair. Go háirithe, i bpróisis eastósctha i dtáirgeadh nó i gcodánúchán saillte, olaí nó ime cócó, le linn táirgí próitéine díshaillte, plúr díshaillte a ullmhú, le linn ginidí díshaillte gránach a ullmhú agus le linn blastáin a ullmhú ó ábhair bhlaistithe nádúrtha. Cuireadh an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit ina dhiaidh sin.

(3) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") meastóireacht ar shábháilteacht agus ar úsáid bheartaithe 2-meitiolocsóláin mar thuaslagóir eastósctha bia. Sa tuairim ón Údarás ([2]) a glacadh an 26 Eanáir 2022, leagadh síos iontógáil laethúil infhulaingthe ("TDI") 1 mg/kg de mheáchan coirp (bw) in aghaidh an lae. Thug an tÚdarás dá aire maidir leis an TDI a leagtar síos nach sáraítear é in aon cheann de na grúpaí daonra ar an meánteagmháil ná ar an teagmháil den 95ú peircintíl, agus tháinig sé ar an gconclúid nach ábhar imní í ó thaobh sábháilteachta de an teagmháil leis an tuaslagóir eastósctha 2-meitiolocsólán nuair a úsáidtear é mar a bheartaítear agus nuair a urramaítear na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) a mholtar. Faightear 2-meitiolocsólán, de réir mheastóireacht an Údaráis, le híonacht os cionn 99,9 %. Maidir le fúrán agus 2-meitiolfúrán, arb iad na heisíontais a bhféadfadh na hairíonna guaiseacha is airde a bheith acu, ní ábhar imní iad ó thaobh sábháilteachta de má tá siad ann ar a n-uasteorainneacha de 50 mg/kg agus 500 mg/kg faoi seach, i gcomhréir leis na sonraíochtaí.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid 2-meitiolocsóláin a údarú mar thuaslagóir eastósctha i dtáirgeadh nó i gcodánúchán saillte, olaí nó ime cócó, le linn táirgí próitéine díshaillte, plúr díshaillte a ullmhú, le linn ginidí díshaillte gránach a ullmhú agus le linn blastáin a ullmhú ó ábhair bhlaistithe nádúrtha. Is iomchuí freisin critéir shonracha íonachta a leagan síos le haghaidh 2-meitiolocsóláin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/32/CE a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 141, 6.6.2009, lch. 3.
([2]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(3):7138

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/32/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/32/CE mar a leanas:

(a) I gCuid II, cuirtear an iontráil nua seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh heacsáin:

| | | |
|---|---|---|
| “2-meitiolocsólán | Táirgeadh nó codánúchán saillte agus olaí agus táirgeadh ime cócó | 1 mg/kg sa tsaill nó san ola nó san im cócó |
| | Táirgí próitéine díshaillte agus plúir dhíshaillte a ullmhú | 10 mg/kg sa bhia ina bhfuil na táirgí próitéine díshaillte agus na plúir dhíshaillte |
| | | 30 mg/kg sna táirgí soighe díshaillte faoi mar a dhíoltar iad leis an tomhaltóir deiridh |
| | Ginidí díshaillte gránach a ullmhú | 5 mg/kg sna ginidí díshaillte gránach” |

(b) I gCuid III, cuirtear an iontráil nua seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh heacsáin:

| | |
|---|---|
| “2-meitiolocsólán | 1 mg/kg” |

(c) Cuirtear isteach Cuid IV nua:

“CUID IV

Critéir shonracha íonachta maidir leis na tuaslagóirí eastósctha a liostaítear in Iarscríbhinn I

| | |
|---|---|
| **2-meitiolocsólán** | |
| Uimhir CAS | 96-47-9 |
| Measúnacht | Cion nach lú ná 99,9 % arna shloinneadh ar bhonn ábhar tirim |
| **Íonacht** | |
| Fúrán | Nach mó ná 50 mg/kg (arna shloinneadh ar bhonn ábhar tirim) |
| 2-meitiolfúrán | Nach mó ná 500 mg/kg (arna shloinneadh ar bhonn ábhar tirim) |
| Eatánól | Nach mó ná 450 mg/kg (arna shloinneadh ar bhonn ábhar tirim)” |